C/2025/5260

29.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12086 — FERRERO GROUP / CPK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5260)

1. An 19 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— 3F's Holding S.A. ('3F's' agus, in éineacht leis na gnóthais uile atá faoi rialú díreach nó indíreach an duine nádúrtha chéanna a rialaíonn 3F's, 'Ferrero Group', Lucsamburg),

— CPK SAS ('CPK', an Fhrainc).

Gheobhaidh Ferrero Group rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar CPK ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir bia-ábhair é Ferrero Group, atá gníomhach ar fud an domhain i monarú agus díol milseogra agus táirgí milse eile. Tugtar le chéile ann brandaí amhail Nutella agus Tictac.

— Is cuideachta milseogra atá bunaithe sa Fhrainc é CPK atá gníomhach i monarú agus díol táirgí milseogra siúcra agus seacláide, chomh maith le leatháin mhilse, gumaí, agus deochanna púdair seacláide, sa Fhrainc agus sa Bheilg den chuid is mó. Tugtar le chéile ann brandaí amhail Carambar, Lutti, Poulain agus Terry's.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12086 — FERRERO GROUP / CPK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').